# DUILLEOG

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimhir 43 Samhradh 2017



Máire Neidí Nic Giolla Easboig

## Éigse Uladh 2017

Bhí Éigse Uladh ar súil ón 21 – 23 Aibreán. Ba é teáma na hÉigse; Máire Neidí Nic Giolla Easboig – a saol agus a saothar.

Múinteoir, aisteoir, leiritheoir drámaí agus pearsa pobail. Ba é Aodh Óg Ó Duibheannaigh a rinne an fhoscailt oifigiúil agus thug Noel Ó Gallchóir caint na hÉigse. Bhí tráthnóna agus oíche dramaíochtaa agus ceoil sa Chrannóg agus san Amharclann ar an tSathairn. Ba é an Monsignor Caoimhín Mac Giolla Easboig nia do Mháire a léigh Aifreann na hÉigse Dé Domhnaigh i dTeach Pobail Mhuire i nDoirí Beaga.





Seán Ó Duibhir ó Aisteoirí Ghaoth Dobhair ag bronnadh an phictiúir Cuimhneacháin de Mháire ar an Monsignor Caoimhín Mac Giolla Easboig agus Aodh Óg Ó Duibheannaigh




Muintir Mháire ag an Éigse






# "Sadhbh"
# Arna chur i láthair ag Aisteoirí Ghaoth Dobhair
# Sadhbh
# Dé Sathairn 15 Iúil
# Amharclann Ghaoth Dobhair







Aisteoirí Óga na Crannóige a ghlac páirt sa dráma Gabhla agus an tAsgard agus a bhain craobh na hÉireann. Seo iad ag an ócáid bhronnta i bPáirc an Chrócaigh le Eoghan Mac Giolla Bhríghde , Suzanne Uí Ghallchóir & Áine Ní Bhreisleain,leiritheoirí & scríbhneoirí an dráma.

Comhghháirdeas mór leo uilig.

# Gaoth Dobhair-Baile Slachtmhar








Foireann na Crannóige gnóthach ag déanamh suas boscaí bláthanna do chomórtas an Bhaile Slachtmhar. Maith sibh!

# Lá Cholmcille





Paidir

Colmcille agus Beaglaoch,
Fionán agus Dubhthach,
go gcoinneóidh sibh go síorai
faoi choimirce Dé agus Muire mé;
go seolfaidh sibh as mo bhealach
a dhath a bith a bheadh le m'aimhleas,
is a chuirfeadh flaithis Dé a dhíobháil orm;
go gcumhdóidh sibh an teach seo
is a bhfuil ann anois lenár ré
leis na seacht n-aingeal fiche
agus le suáilcí Mhic Dé. Aiméan

i gcead do Niall Ó Dufaigh




Bhí Aifreann sa Chrannóg Dé hAoine 9ú Meitheamh le Lá Cholmcille a cheiliúradh.

Buíochas do shagart na paróiste an tAthair Pádraig Ó Baoighill a léigh an tAifreann agus do gach duine a tháinig amach.











**Loinneog Lúnasa 2017**

10-14 Lúnasa 2017

Clár le theacht gan mhoill,

Coinnigh súil ar

www.loinneoglunasa.com







**Saor Chomhairle dlí trí Ghaeilge ar fáil arís sa Chrannóg ar an Aoine deireanach de gach mí**

**Is gá coinne a dhéanamh.**

**Scairt ar 074-9532208 le coinne a dhéanamh**